



An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2022  
(OR. fr)

10391/22

LIMITE

COPS 284  
CFSP/PESC 814  
CSDP/PSDC 379  
RELEX 828  
POLMIL 149  
COAFR 146  
EPF AM 56

### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Nóta coincheapa maidir le beart cúnamh faoi SES chun tacú le himscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) i Mósaimbíc - Formheas

---

1. An 3 Bealtaine, de bhun Airteagal 57(1) den Chinneadh ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (SES), chuir an tArdionadaí nóta coincheapa maidir le beart cúnamh faoi SES faoi bhráid na Comhairle chun tacú le himscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) i Mósaimbíc (8539/22).
2. Is é is cuspóir don bheart cúnamh tacú le himscaradh leanúnach aonaid RDF i gcúige Cabo Delgado i dtuaisceart Mhósaimbíc chun na gnóthachain chríochacha agus oirbheartaíochta atá bainte amach acu go dtí seo a leathnú, a chosaint agus a choinneáil. Tá raon feidhme an bhirt cúnamh atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 1(2)(b)(ii) de Chinneadh SSE toisc go dtacaíonn sé le gnéithe míleata d'oibríocht tacaíochta síochána faoi stiúir tríú tír.
3. Scrúdaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) an nóta coincheapa ag an gcrúinniú a bhí aige an 13 Bealtaine agus thug sé treoir don Mheitheal um an Afraic (COAFR), i gcomhairle leis an Meitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata (MPM), measúnú a dhéanamh ar an nóta seo agus moladh a dhéanamh ina leith.

4. An 25 Bealtaine, ghlac COAFR, i gcomhairle le MPM, seasamh ina ndearna sé an méid seo a leanas:
- a) chuir sé i bhfios go láidir an tábhacht atá le rochtain, faireachán agus tuairisciú rialta;
  - b) chuir sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a áirithiú; d'iarr sé go gcuirfí coimirce láidre agus sásraí faireacháin i bhfeidhm sula gcuirfí an cúnaimh atá beartaithe ar fáil;
  - c) d'iarr sé go neartófaí a thuilleadh an úinéireacht agus an comhordú réigiúnach idir na geallsealbhóirí éagsúla;
  - d) chuir sé i bhfios go láidir an breisluach a ghabhann leis an gcur chuige comhtháite i leith na géarchéime in Cabo Delgado.

Ar an mbonn sin, agus gan dochar do na pléití atá ar siúl i bhfóiraim eile, thug COAFR measúnú dearfach uaidh ar an nóta coincheapa, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le huasmhéid tagartha EUR 20 milliún agus tréimhse cur chun feidhme nach faide ná bliain amháin.

5. An 16 Meitheamh, d'fhormheas CPS an nóta coincheapa agus d'aontaigh sé gur cheart é a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhorghéilleas.
6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an nóta coincheapa mar a leagtar amach in 8539/22 é a fhorghéilleas.